

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

An Teastas Sóisearach

Stair

**Treoirlínte do Mhúinteoirí
(Athbhreithnithe 1996)**

**An Comhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta**

An Teastas Sóisearach

Aidhmeanna agus Prionsabail

1. Is é aidhm ghinearálta an oideachais oibriú ar mhaithe le gach gné den duine aonair a shaothrú. Ar na gnéithe sin áirítear an ghné aestéitiúil, chruthaitheach, léirmheastach, chultúrtha, mhothálach, intleachtúil, mhorálta, fhisiceach, pholaitiúil, maraon le forás spioradálta agus sóisialta le haghaidh a shaoil phearsanta, sa teaghlach agus ar láthair na hoibre, agus le haghaidh maireachtála imeasc an phobail agus le haghaidh caitheamh aimsire.
2. Is í aidhm an Teastais Shóisearaigh
 - an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thugann an dalta leis ón mbunscoil a dhaingniú agus a shaothrú a thuilleadh;
 - raon agus cineál eispéireas oideachais na ndaltaí, ó thaobh eolais, tuisceanna, scileanna agus inniúlachtaí a leathnú agus a dhoimhniú;
 - iontaoibh an dalta as féin, maraon le hiontaoibh sóisialta, cumas tionscnaimh agus inniúlachta, a chothú le cabhair oideachais ghinearálta atá leathan agus meáite;
 - an dalta a ullmhú le haghaidh riachtanas cláracha breise staidéir, fostaíochta nó an tsaoil lasmuigh d'oideachas lánaimsearach;
 - forás morálta agus spioradálta an dalta a chothú agus cabhrú leis teacht ar thuiscint ar luacha agus ar chreideamh daoine eile maraon le meas a bheith aige orthu;
 - na daltaí a ullmhú le haghaidh cúraimí an tsaoránaigh ina dtír féin agus i gComhphobal na hEorpa.
3. Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn le clár an Teastais Shóisearaigh.

- é a bheith leathan agus meáite: ba cheart go dteagmhódh na daltaí le réimse leathan eispéireas oideachais le linn na tréimhse deireanaí dá gcuid scolaíochta éagantaí. Ba cheart cúram faoi leith a dhéanamh de dhaingniú agus de shaothrú scileanna uimhríochta, litearthachta agus labharthachta. Ba cheart treise faoi leith a chur le hoideachas sóisialta agus timpeallachta, le heolaíocht agus le teicneolaíocht agus le nuatheangacha.
- ábharthacht: ba cheart go ndíreodh an curaclam ar ghar-riachtanais agus ar chianriachtanais an dalta ó thaobh na timpeallachta cultúrtha, eacnamaíche agus sóisialta.
- fiúntas: ba cheart go n-éileofaí ar gach dalta na céimeanna feabhais is airde is féidir leis a bhaint amach, ag cur infheidhmeacht agus cumas san áireamh, maraon le caighdeáin idirnáisiúnta inchomórtais.

Ba cheart go soláthródh an curaclam réimse leathan eispéireas oideachais i dtimpeallacht a chruthaíonn cothú agus múnlú. Ba cheart go mbainfeadh sé brí astu seo a leanas: an aeistéitic, an chruthaíocht, an eitic, teangeolaíocht, matamaitic, an saol fisiceach, an eolaíocht agus an teicneolaíocht, an saol sóisialta agus polaitiúil, an imshaol agus an saol spioradálta.

4. Cuirtear gach siollabas le haghaidh an Teastais Shóisearaigh i láthair chun go ndéanfaí é a theagasc sa chomhthéacs curaclaim atá leagtha amach thuas.

Treoirlínte Athbhreithnithe do Mhúinteoirí

Réamhrá

Tagrann na treoirlínte athbhreithnithe seo do Shiollabas Staire an Teastais Shóisearaigh a cuireadh i gcrích i scoileanna ó Mheán Fomhair, 1989. Cuireann an t-ábhar seo leis na Treoirlínte do Mhúinteoirí a heisíodh ag an am sin, ina ndearnadh tagairt shainiúil do “bhreis níos déanaí le cur leis na treoirlínte seo” (l. 12).

- Níl athrú ar bith ar na treoirlínte do Rannóg I “Conas a fhaighimid amach faoin am atá thart”, ach táid istigh leis seo i dtaca le caothúlacht feidhme.
- Soláthraíonn na treoirlínte do Rannóg II, “Staidéir ar Athruithe” comhairle bhreise do mhúinteoirí i dtaca leis an rannóg sin den siollabas.
- Tá na treoirlínte athbhreithnithe do Rannóg III “Tuiscint ar Shaol na Linne Seo”, in áit na dtreoirlínte don rannóg sin a heisíodh sa leabhrán “Treoirlínte” tosaigh agus sainmhíneoidh siad an t-ábhar de Rannóg III as seo amach.

N.B. Tá na Treoirlínte Athbhreithnithe le glacadh in éineacht le doiciméad an tsiollabais mar aon aonad chomhtháite. Freastalaíonn na Treoirlínte chun

- cabhrú leis an múinteoir ranga chun aidhmeanna an tSiollabais a chur i gcrích.
- soiléiriú a dhéanamh ar an ábhar a dhéanfar a mheasúnú.

Ó 1998 ar aghaidh beidh na scrúduithe ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh bunaithe ar na treoirlínte athbhreithnithe seo.

1 Réamhrá

Chun léargas níos fearr a thabhairt ar an machnamh taobh thiar den siollabas beidh sé úsáideach gnéithe sainiúla den chúrsa a léiriú go hachomair sar a dtugtar tráchttaireacht sonraithe ar a chuid rannóg éagsúla.

1. Modh na Staire

Ceann amháin de na gnéithe speisialta den chúrsa seo is ea an chaoi ina dtreisiónn sé na modhanna fiosruithe stairiúla chomh maith le hábhar na staire. Déantar na scileanna agus na coincheapa atá riachtanach maidir le fiosruithe stairiúla a leagadh amach go sainiúil dá bhrí sin sna cuspóirí don chúrsa. Nuair a éiríonn le daltaí a thuiscint cén chaoi a fhaighimid amach mar gheall ar an am atá thart is féidir leo ansin cur chuig eolas stairiúil a fháil ar bhealach níos tuisceanaí agus níos criticiúla. Tá sé tábhachtach a threisiú mar sin féin, nach staidéar soifisticiúil nó teoriciúil atá i gceist anseo ach (go háirithe sa chéad bhliain) mar réamhrá praiticiúil agus nithiúil don phróiseas i dtaca le taighde stairiúil.

2. Réimse Leathan Ábhair

Cé go bhfuil staidéar ar phróiseas na staire á spreagadh sa siollabas seo déanadh cúram mór freisin den ábhar a bhí le staidéar. Bhí tionchar ag go leor slata tomhais ar an roghnú deireanach d'ábhair don siollabas. D'éirigh ceann amháin de na slata tomhais sin as an mbarúil gur chóir don chúrsa a bheith cuimsitheach de bhrí go mb'fhéidir gurbh é an t-aon chúrsa staire eagraithe a leanfadh roinnt daltaí. Tá an cúrsa cuimsitheach i líon de bhealaí éagsúla : clúdaíonn sé réimse leathan de réanna staire (gan é bheith riachtanach staidéar a dhéanamh ar gach mí atá laistigh den réimse sin); sonraíonn sé stair shóisialta, eacnamaíochta, phoilitiúil agus chultúrtha; tugann sé caoi chun déileáil le topaicí ag an leibhéal áitiúil chomh maith leis an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus déanann sé déileáil le stair na hÉireann mar thopaic ar leith agus ar bhealach slánaithe araon áit ina spreagann an comhthéacs stairiúil iniúchadh ar idé nó ar choincheap

comóna. Dá bhrí sin déanann an cúrsa iarracht ar réimse leathan d'eispéiris stairiúla a sholáthar do dhaltaí.

3. **Forásach**

Bhí tionchar freisin ar roghnú an ábhair ag an méid a bheadh daltaí in ann a láimhseáil ag staideanna éagsúla sa chúrsa. Meabhraíonn na topaicí agus na cur chuige atáthar á moladh sa chéad rannóg an fhírinne gur fearr a fhoghlaimoidh an chuid is mó de na daltaí más nithiúil agus praiticiúil iad ábhair agus clár an chúrsa. Tá rún sainiúil chun mír de dhul chun cinn a chur isteach san siollabas trí dhéileáil de réir a chéile le topaicí agus coincheapa níos casta agus tógáil ar na scileanna a fuarthas sa chéad bhliain.

4. **Cróineolaíocht**

Tá an réimse leathan de réanna stairiúla atá luaite thuas struchtúrtha ar bhealach cróineolaíoch san siollabas, ach tá sé tábhachtach a thuiscint gur rogha de mhionstaidéir taobh istigh den chreatlach cróineolaíoch sin atá sa chúrsa go bunúsach agus nach é an rás traidisiúnta ó 'Phlato go Nato' é. Féachtar ar an struchtúr cróineolaíoch seo mar chúlra ar ar féidir le daltaí a n-ord staidéar a dhíriú.

5. **Solúbthacht/Rogha**

Cé nach soláthraíonn an siollabas seo rogha de mhór-rannóga, soláthraítear céim mhór solúbthachta do mhúinteoirí i dtaca le hábhar agus cur chuige sainiúil ar féidir a roghnú.

6. **Stair Áitiúil**

Soláthraíonn an siollabas seo an deis do mhúinteoirí agus do dhaltaí staidéar a dhéanamh ar thopaicí ag leibhéal áitiúil. Agus staidéar a dhéanamh ar thopaicí mar Éire Réamh-Chríostaí agus Cathair; agus Athrú Sóisialta san 20ú haois is féidir na téamaí agus na saincheistanna a leanúint ag leibhéal áitiúil, leibhéal náisiúnta, nó, i gcásanna áirithe ag leibhéal idirnáisiúnta. Cuireann sé seo ar

chumas mhúinteoirí feidhm a bhaint as acmhainní sa cheantar áitiúil agus chun breis suime a sholáthar do dhaltaí trín a bheith ábalta teagmhais agus gnéithe ina gceantar féin a fheiceáil i gcomparáid le teagmhais agus gnéithe i gceantair eile. Mar sin ba chóir go ndéanadh sé an stair níos nithiúla do dhaltaí.

7. **Dhá Leibhéal**

Cé go ndlíonn an réimse infheidhmeachta agus cur i gcrích dhaltaí idirdhealú áirithe bhí coiste an chúrsa fonnmhar nach dtarlódh rangú dhaltaí go ró-luath. Agus seo ar intinn acu, cinneadh nach mbeadh idirdhealú ar bith idir Ghnáthleibhéal agus Ardleibhéal sa chéad rannóg den chúrsa. Sa dara rannóg den chúrsa tá an idirdhealú a dhéantar caolchúiseach agus baineann sé níos mó le cur chuige ná le hábhar; ní chóir go gcaithfí daltaí a roinnt i ngrúpaí dá bharr seo ach go dtabharfadh sé chaoi dóibh dul chun cinn ag a leibhéal féin. Is é sa rannóg dheireanach amháin (tógtha sa Tríú Bliain nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh ag tromlacht na ndaltaí agus a múinteoirí faoi cén leibhéal ar cheart dóibh tabhairt faoi) a bhfuil idirdhealú soiléir déanta i dtaca le méid an ábhair atá le stáidéar a dhéanamh air ag daltaí ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. Déanadh é seo i dtreo nach gcuirfí ualach ró-throm ar dhaltaí ag an nGnáthleibhéal le raidhse mór ábhar agus iad ag teacht gar dá scrúdú. Glacadh cúram dá bhrí sin chun a chinntiú nach n-éilíonn an siollabas sruthlú mara raibh a leithéid i bhfeidhm roimhe seo.

2. Tráchttaireacht ar an siollabas **(le cur chuige molta maidir le múinteoireacht)**

Rannóg 1 : An tslí a fhaighimid amach faoin am atá thart.

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Réamhrá	Gnó an Staráí	Réamhrá ginearálta do mhodhanna oibre staire (cuirfear tuilleadh samplaí ar fáil i rith an chúrsa). Iniúchadh ar chineálacha difriúla foinsí agus fianaise.

Trácht

1. Cé nach ndéantar tagairt dó go sainiúil ach amháin ag an dtosach tá tuiscint ar ghnó an staráí mar bhunús leis an siollabas iomlán agus mar a luadh thuas ba chóir é a léiriú trí shamplaí tríd an gcúrsa.
2. Is pointe tosaithe úsáideach é do chúrsa staire sóisearach na daltaí a chur ar an eolas maidir le taighde stairiúil. Ní chóir do mhúinteoirí a cheapadh, mar sin féin, gur dhéileáil an-fhada nó grinndéileáil den topaic é seo de bhrí go dtarlóidh deiseanna i rith na dtrí mbliain den chúrsa chun feacht na ndaltaí ar an bpróiseas seo a dhoimhniú. Go sonrach d'fhéadfaí a rá go raibh an chéad rannóg den siollabas mar gheall ar ghnó an staráí, ag breathnú air ó chearnaí éagsúla. Dá bhrí sin brathann an fad ama a chaitear chun an topaic seo a thionscnaimh anseo ag tosach an chúrsa ar lánrogha an mhúinteora. Tá roinnt moltaí á dtabhairt anseo ar cén chaoi a d'fhéadfaí é a thabhairt isteach.

Cur Chuige

1. Cleachtadh ar Chochall Ama

Lenar féidir a iarraidh ar dhaltaí roinnt gnéithe a roghnú a mheasann siad a léireodh an “t-am faoi láthair” dá scoil, dá mbaile nó dá dtír, ag samhlú go

bhfuiltear chun a leithéid de ghnéithe a chur isteach i gcochall ama a chuirtear sa talamh agus faighte amach ina dhiaidh sin ag daoine sa todhchaí. Ba chóir go gcabhródh sé seo le daltaí chun a thuiscint nach bhfuil ach roghnú teoranta d’fhianaise ónar féidir an aimsir atá thart a atógaint. Uaireanta déanadh fianaise ón am atá thart a roghnú d’aon ghnó agus a bhuanchoimeád mar seo, ach go minic maireann fianaise trí thionóisc.

2. **Scéal a thógáil o Leideanna**

Cosúlacht den stair gur dhócha go bhfuil daltaí teanntásach leis is ea é sin de bhleachtaire a bhfuil air/uirthi coir a athstruchtúró ó leideanna teoranta. Cé go bhfuil na leideanna teoranta agus neamhchúiseach, tá an bleachtaire ag obair ó struchtúr sainiúil ag iarraidh loighic áirithe a chur i bhfeidhm ar an méid a fuarthas agus é a chasadh go pictiúr níos soiléire.

3. **Fianaise a Chlárú**

D’fhéadfaí na smaointe atá sa dá ghníomhaíocht thuas a chur i bhfeidhm ar an am atá thart, trí iarraidh ar dhaltaí liosta a dhéanamh den chineál rudaí a mhair ón am atá thart. Is féidir iad san a rangú ansin i dtrí ré leathana – 100 bhliain ó shin, na Meánaoiseanna, an aimsir Réamhstairiúil (nó rangú ar bith eile is mian leis an múinteoir).

De rogha ar sin d’fhéadfaí a iarraidh ar dhaltaí greille maireachtála mar aon leis an gceann laistíos a líonadh isteach, áit ina mbronntar tic ar na gneithe a mhair go fóill, m.sh.

Ó	Foirgnimh	Éadaí	Bia	Uirlísí	Ealaín	Uaigheanna
100 bhliain ó shin						
Meánaoiseanna						
An Aimsir Réamhstairiúil						

Cabhróidh cleachtadh dá leithéid le daltaí chun a fheiceáil go maireann nithe áirithe ar feadh tréimhse fhada agus nach maireann nithe eile. D'fhéadfadh sé a thaispeáint, freisin, dá mhéid a théann duine isteach san am atá thart, is lú an fhianaise atá fágtha.

4. Fianaise a Iniúchadh

De bhrí go bhfuil fianaise chomh teoranta caithfidh staraithe a bheith in ann í a iniúchadh go cúramach agus léamh “idir na línte” ina n-athstruchtúrí. Mar shampla, d'fhéadfadh suíomh ar a raibh foirgneamh ina sheasamh uair amháin an-chuid fhianaise a sholáthar maidir leis an bhfoirgneamh (m.sh. loirg chuaille, luaitheach ó thinte, poill bhrúscair, etc.) agus, dá bhrí sin, eolas éigin mar gheall ar na daoine a mhair ansin. Cabhraigh teicneolaíocht nua-aimseartha chun nithe a dhátú le céim chruinnis choibhreacha, agus tuilleadh leideanna a sholáthar sa chaoi sin.

Mar chleachtadh d'fhéadfadh an múinteoir déantáin dhearbha ó thráthanna éagsúla (nó pictiúir/sleamhnáin díobh) a thaispeáint do na daltaí – de rogha de mhíreanna nach mbeadh daltaí teanntásach leo láithreach bonn. (D'fhéadfaí cur leis an mbailiúchán seo le míreanna a thug na daltaí isteach óna mbailte féin). Iarrtar ar dhaltaí na míreanna sin a chur in ord cróineolaíochta; éileoidh sé seo iniúchadh agus plé cúramach. D'fhéadfaí a iarraidh ar dhaltaí freisin rólghlacadh a dhéanamh ar staraithe/seandálaithe agus cur síos a dhéanamh ar na míreanna go lucht éisteachta/léitheoireachta samhlaíochtach ag moladh bealaí ar b'fhéidir gur baineadh feidhm astu.

5. Stair Teaghlaigh

Cur chuige féideartha eile chun daltaí a thabhairt isteach ar fhiosrúchán stairiúil ná chun iarraidh orthu stair a dteaghlaigh féin a iniúchadh agus tionscadal simplí a dhéanamh le craobh ghinealaigh, griangraif, faisnéis i dtaobh baill den chlann a bhí páirteach i gcogaí, i ngluaiseachtaí náisiúnta nó in imeachtaí stairiúla eile. Ar an mbealach seo is féidir ábhair agus modhanna fiosruithe stairiúla a thabhairt isteach agus cleachtadh a dhéanamh orthu i gcomhthéacs atá teanntásach do na

daltaí. Ní mór do mhúinteoirí gan amhras cur chun stair teaghlaigh a iniúchadh le lánroghnacht agus le críonnacht.

Níl iontu seo ach cúpla moladh maidir le bealaí féideartha ina bhféadfaí cur chuig an topaic seo a láimhseáil. Mar a dúradh ag an tosach d'fhéadfadh an múinteoir cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu ar cheart é a iniúchadh go mion i dtosach an chúrsa nó cé acu ar cheart teacht ar ais air anois is arís i rith an tsíollabais. Is é an prionsabal tábhachtach ná go mba chóir tuiscint ar an nádúr d'iniúchadh stairiúil a bheith mar fholeagan ar eispéireas an dalta den síollabas.

Déanann gach ceann de na trí rannóg dheireanacha ó Rannóg I an idé seo d'iniúchadh staire a thaighdeadh ó dhearcadh dhifriúla. Ag an dtráth go mbeidh a staidéar de Rannóg I críochnaithe ag daltaí beidh éagsúlacht eispéireas acu den mbealach ina bhfaighimid amach faoin am atá thart.

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Ár bpréamhacha i síbhialtacht ársa.	Teach, bia agus saol an teaghlaigh. Obair, Ealaín, Céirdeanna, Uirlisí, Nósanna Adhlachta	Staidéar bunaithe ar Fhianaise Seandalaíochta

Trácht

1. Is féidir Éire Roimh-Chríost a thuiscint ina céill is leithne, ní ghá go gciallódh sé go díreach Roimh-Chríost.
2. Is féidir Éire Luath-Chríostaí a thuiscint ina céill is leithne, sé sin go bhfuil sé ag síneadh go dtí c. an 10^ú hAois.
3. Nuair atá an Sean-Shíbhialtacht eile á roghnú ag múinteoirí is féidir leo síbhialtacht ar bith a roghnú. Ní ghá go n-aireoidís a bheith ceangailte ag roghanna traidisiúnta mar an Ghréig agus an Róimh. Bheadh

síbhialtachaí as Meiriceá Theas, ón Áise, ón Afraic, nó na Ceiltigh san chomhthéacs Eorpach mar roghanna féideartha.

Cur Chuige

1. Ba chóir go gcabhródh na gnéithe den tsochaí (faoi “Tuairisc” thuas) agus an cur chuige molta le múinteoirí chun teora a chur lena staidéar ar an topaic seo. Níor sonraíodh na gnéithe níos teibí de shochaithe ársa (m.sh. fealsúnacht, idéanna polaitiúla nó reiligiúin) nó ba chóir a rá na gnéithe sin ar féidir staidéar a dhéanamh orthu ar bhealach níos nithiúla agus díobh siúd go dtugann fianaise seandálaíochta acmhainní saibhre ina gcomhair.
2. Moltar go mbainfí feidhm as éagsúlacht phictiúr, líníochtaí, cuspaí chomh maith le hábhar téacsleabhair le haghaidh staidéir ar an topaic seo. Soláthróidh sé seo deiseanna do dhaltaí chun an bealach a phlé agus a thuiscint ina mbaineann seandálaithe feidhm as fianaise chun pictiúr a thógáil den síbhialtacht a bhí ann san am atá thart.
3. Is féidir le sleamhnáin, stiallscannáin; agus físc-scannáin bonn a sholáthar, chun láithreáin, déantáin nó séadchomharthaí a phlé.
4. Le linn staidéir a dhéanamh ar Éire Réamh-Chríostaí agus Éire Luath-Chríostaí spreagtar múinteoirí chun iniúchadh a dhéanamh ar shamplaí áitiúla áit ar bith a mbíonn siad ar fáil. Thabharfadh cuairt ar láithreán seandálaíochta deis úsáideach chun na modhanna a fheiceáil ar an láthair bhunaidh. Ní bheidh sé seo indéanta i gcónaí ach cabhróidh cuairteanna chuig láithreáin, séadchomharthaí nó muséim sa cheantar áitiúil le daltaí chun na foinsí ábhartha d’obair an tseandálaí a thuiscint.

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Caisleán, Eaglais agus Cathair	An tSochaí Mheánaoiseach. Cathair agus Mainéar na Meánaoise Caisleán na Meánaoise. Foinsí sa Mhainistir agus sa Pharóiste Mheánaoise. Is féidir feidhm a bhaint as samplaí Áitiúla, Náisiúnta agus Eorpacha de réir mar is cuí.	Staidéar bunaithe ar fhoirgnimh, lonnaíochtaí agus ar fhoinsí nithiúla eile.

Trácht

1. Is féidir Meánaoise a shainmhíniú mar dháta ón 12^ú hAois go hachomair, go dtí timpeall an 15ú hAois.
2. Níl cuntas cróineolaíoch ar an tréimhse seo i gceist sa staidéar seo ach conas mar a baineadh ciall as tríd na foirgnimh a mhaireann (millte nó a mhalairt), fianaise lonnaíochta le, b'fhéidir, déantáin nó doiciméid.
3. Cé gur féidir bunaidh Bhreatnacha nó Eorpacha díobh seo a chur san áireamh moltar go ndéanfar tagairt do shamplaí Éireannacha agus áitiúla agus go gcuirfear iad i gcomhthéacs.

Cur Chuige

1. Sochaí Mheánaoise

Níltear ag súil leis anseo go ndéanfar staidéar ar Shochaí Mheánaoise mar idé theibí ach ina ionad sin mar a léiríodh i gcolún an “Chur Chuige” sa siollabas, go ndéanfar é a iniúchadh tríd na gnéithe a mhaireann den tsochaí sin mar atá léirithe thíos (cathracha, mainéir, caisleáin, mainistreacha, agus eaglaisí). Mar sin is féidir le gnéithe dá leithéid sin pointí tosaithe a sholáthar chun “atógáil” shamhlaíochtach de bhealaí maireachtála i gcathracha, mainéir, mainistreacha, etc.

Áit ina bhfuil iarsmaí de ghnéithe dá leithéid ar fáil go háitiúil ba chóir iad siúd a dhúshaothrú gan amhras. D'fhéadfadh múinteoirí turais allamuigh chuig gnéithe dá leithéid in áiteanna eile sa tír a chur san áireamh.

Pé acu go háitiúil nó níos faide ó bhaile, tá sé tábhachtach go ndéanfaí cuairt chuig na heaglaisí, fothraigh, lonnaíochtaí sin, etc. a chomhtháthú i staidéar an dalta. Cabhraíonn leatháin oibre, rianleabhráin, cártaí taisc, etc. go léir chun aire na ndaltaí a chruinniú agus an eispéireas den turas allamuigh a chomhcheangailt leis an dtopaic atá á staidéar acu.

2. Cathair agus Mainéar Meánaoise

Féadfaidh lonnaíochtaí meánaoise a bheith ag síneadh ó chroílár ár gcathracha agus bailte go lonnaíochtaí agus láithreáin mhainéaracha tréigthe. Mar sin, mar shampla, is féidir feidhm a bhaint anseo as fallaí bhailte (nó as gnéithe cosanta eile) a mhaireann, nó as leárscáileanna a mhaireann a thaispeánann gnéithe dá leithéid.

3. An Caisleán Meánaoise

Anseo ba chóir go mbeadh daltaí aithnidiúil ar (agus in ann idirdhealú a dhéanamh idir) na saghasanna éagsúla de ghnéithe cosanta an treimhse – m.sh. mótaí, caisleáin den 13^ú hAois, túrthithe agus b'fhéidir leasa agus láithreáin mhótaithe. D'fhéadfadh siad an fáth go raibh a leithéid de ghnéithe cosanta riachtanach a phlé agus dearcadh ar shaol na ndaoine a mhair leo.

4. An Mhainistir agus Paróiste Meánaoise

Chabhródh ainmneacha pharóiste, eaglaisí (millte nó a mhalairt) agus reiligí chomh maith le pleananna imlíneacha de mhainistreacha go léir chun an nádúr dlúth d'eagraíochtaí reiligiúin mheánaoiseacha a léiriú.

Féadfaidh daltaí feidhm agus stádas na mainistreach a fhiosrú trí staidéar a dhéanamh ar an leagan amach, ar na foirgnimh agus cabhraíonn na stíleanna agus na gnéithe ailtireachta ar chuid mhaith láithreáin mhainistreacha chun leanúnachas an láithreáin agus cinniúintí athruitheacha de chuid mhaith de na mainistreacha a thaispeáint.

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
An Athbheochan	Ealaín Ailtireacht Clódóireacht agus léann I dtíortha éagsúla ar fud na hEorpa.	Staidéar bunaithe ar fhoinsí pictiúrtha agus ar bheathaisnéis.

Trácht

1. Is é atá i gceist sa staidéar seo ná forbhreathnú ar na forbairtí a tharla le linn na hAthbheochana a bhí faoi bhláth san Eoraip ó go luth sa 14^ú hAois go dtí an 16^ú hAois.
2. Níl sé i gceist go ndéanfaidh daltaí staidéar ar gach ealaíontóir, ailtire, eolaí agus scoláire i ngach tír. Is leor staidéar a dhéanamh ar shaol agus ar obair líon teoranta ionadaíochta d'fhigiúirí Athbheochana.
3. Moltar go ndéanfaidh an sampla d'fhigiúirí a roghnaíodh ionadaíocht do níos mó ná tír amháin agus níos mó ná do thréimhse amháin den Athbheochain (i.e. Athbheochan Luath, Mheánach agus Dheanach).
4. Is féidir Ealaín a thuiscint i gciall leathan; chiallóidh sé dealbhóireacht chomh maith le freascóanna agus péintéireachtaí.
5. Agus staidéar á dhéanamh ar léann na hAthbheochana ba chóir go gcrúiníodh na daltaí ar na limistéir éagsúla de léann nua praiticiúil (m.sh.

réalteolaíocht, leigheas, etc.) agus ar an toradh a bhí ag a leithéid d'fhorbairtí agus forbairt na clódóireachta ar an sochaí. Níor mhór mar sin an tionchar socheolaíochta a bhí ag an léann nua a threisiú mar bhealach réasúnta nithiúil agus insroichte do dhaltaí óga chun staidéar a dhéanamh ar an dtopaic seo. Níltear ag súil go ndéanfaidh daltaí staidéar ar shaincheistanna teibí, teoiriciúla nó fealsunaíochta (a leithéid den choincheap teibí den Athbheochain nó de dhaonnachas).

Cur Chuige

1. Tá sé tábhachtach go mbeadh an cur chuige a ghlactar do thopaic iomlán na hAthbheochana ina cheann nithiúil agus praiticiúil de bhrí go molann a suíomh sa siollabas (ag deireadh Rannóige I) go ndéanfaidh daltaí réasúnta óg staidéar uirthi, de réir cosúlachta ag druidim le deireadh Bliana a hAon.
2. Is scil ar leith í léirmhíniú a dhéanamh ar fhoinsí pictiúrtha ar chóir a chothú sa chuid seo den chúrsa. Mar sin moltar feidhm a bhaint as foinsí pictiúrtha san seomra ranga gach uair is féidir é, i dtreo go bhfaigheadh na daltaí an taithí de bhreathnú ar phictiúir mar fhoinse agus ní mar léiriú amháin.
3. Is féidir foinsí pictiúrtha a úsáid chun cabhrú le daltaí compráidí a dhéanamh agus claonta atá léir a fheiceáil in oibreacha éagsúla ealaíne agus ailtireachta. Is féidir feidhm a bhaint astu freisin chun cabhrú le daltaí chun an cúlra do shaoil fhigiúirí na hAthbheochana a thuiscint.
4. Soláthróidh stiallscannáin; sleamhnáin; leabhair ealaíne chomh maith le téacsleabhair staire sár-acmhainní don chineál seo oibre.
5. Tugann an chuid seo den chúrsa deiseanna comhoibrithe le roinn ealaíne na scoile agus moltar do mhúinteoirí deiseanna dá leithéid a shaothrú.
6. Tá an cur chuige beathaisnéiseach ar an dara ceann a mholtar nuair atáthar ag déanamh staidéir ar an topaic seo. Bealach éasca is ea é do dhaltaí óga

staidéar a dhéanamh ar shaoil fhiigiúirí Athbheochana aonair chun chur chuige don Athbheochan féin agus faigheann a lán acu é a bheith an-suimiúil. Soláthraíonn an cur chuige beathaisnéiseach seo an chéad deis freisin sa chúrsa chun eolas a bhailiú le chéile chun píosa oibre leanúnach a chur le chéile ar shaol duine. Cothófar an scil de theagmhais a chur in ord in insint chomhtháite leis an gcur chuige seo.

Rannóg II: Staidéir ar Athruithe.

Tráchtairacht Ginearálta

1. Téama

Is é an téama foriomlán de Chuid II ná athrú. Tá an coincheap d'athrú, a chúiseanna agus a thorthaí, atá riachtanach do staidéar ar an stair, le hiniúchadh in éagsúlacht de chomhthéacsanna:

- a) Tíreolaíocht (Taiscéalaíocht)
- b) Cráifeach (Reifirméisean)
- c) Úinéireacht Talún (Plandáil)
- d) Polaitiúil (Réabhlóid)
- e) Sóisialta (Réabhlóid Talmhaíochta agus Tionsclaíoch)

2. Leibhéil

Ba chóir go dtuigfeadh daltaí atá ag glacadh pé acu an ghnáthleibhéil nó an ardleibhéil gach comhthéacs d'athrú, a chúiseanna agus a thorthaí. Mar sin féin tugann Rannóg II an chéad difríocht idir na riachtanais don Ghnáthleibhéil agus don Ardleibhéil i láthair.

Ag an nGhnáthleibhéil déantar staidéar ar an gcoincheap d'athrú i ngach ceann de na cúig cásanna ar bhealach nithiúil i dtaca le teagmhas, gluaiseacht nó duine sainiúil páirteach san athrú i.e. taiscéaladh amháin, leasaitheoir amháin, plandáil amháin, réabhlóidí amháin, staidéar amháin de stíleanna codarsnacha. Léirítear

na staidéir sin sa siollabas mar “Staidéir Speisialta” le haghaidh iarrthóirí Ghnáthleibhéil.

Ar an lámh eile de, bheifí ag súil go dtuigfeadh daltaí Ardleibhéil an t-athrú sonracha atá i gceist, a chúiseanna agus a thorthaí sa chomhthéacs níos leithne chomh maith agus i dtaca leis an staidéar speisialta tugtha.

3. Cumas Measctha

De bhrí go mbeidh ranganna de chumas mheasctha á múineadh ag a lán múinteoirí agus de bhrí nach meastar go bhfuil sé riachtanach ná inmhianaithe go ndéanfaí socruithe go luath cé acu a ghlacfaidh daltaí an gnáthleibhéil nó an t-ardleibhéil, ní ghá go mbeadh an difreálú idir an dá leibhéil riachtanach ina lán cásanna ach amháin nuair atá daltaí ag athbhreithniú le haghaidh a scrúduithe ceann cúrsa. Ar dtús, dá bhrí sin, ba chóir go n-aireodh múinteoirí iad féin a bheith saor chun iniúchadh a dhéanamh ar gach comhthéacs d’athrú go hiomlán lena gcuid daltaí. Agus é seo ar intinn acu tá an bonn coitianta soláthraithe ag Gnáthleibhéil agus ag Ardleibhéil, áit a bhfuil an fócas ar athrú, a chúiseanna agus a thorthaí i gcomhthéacsanna éagsúla.

4. Dáileadh Ama

De bhrí go mbeidh múinteoirí ag beartú Rannóg II a chlúdach taobh istigh den bhliain scoile amháin agus ag glacadh an gá le hathdhéanamh san áireamh ba chóir go gceadóid an phleanáil chun Staidéir ar Athrú a mhúineadh 5-6 seachtaine go hachomair do gach ceann acu.

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Athruithe i ndearcadh na nEorpach ar an domhan : Taiscéaladh	<p>Staidéar Ginearálta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • An chúis a raibh bealaí nua farraige ag teastáil ó dhaoine • An tslí ar tharla sé go rabhthas in ann dul ar na 	<p>Iniúchadh ar chineálacha difriúla athruithe trí</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ thuiscint ar chúis agus ar éifeacht ▪ úsáid foinsí oiriúnacha

	turais farráige <ul style="list-style-type: none"> • Príomhthorthaí na dturas sin Staidéar Speisialta: cuntas ar thuras taiscéalaíochta amháin	doiciméadacha <ul style="list-style-type: none"> ▪ staidéir speisialta
--	---	---

- Féadfaidh daltaí atá ag déanamh staidéir ar an siollabas seo ag an nGnáthleibhéal a n-intinn a dhíriú ar an Staidéar Speisialta.
- Beifear ag súil leis go ndéanfaidh na daltaí atá ag déanamh staidéir ar an siollabas ag an Ardleibhéal iniúchadh sa bhreis air sin, ar ghnéithe níos ginearálta de gach ábhar, de réir mar a cuireadh in iúl thuas i **gCló Trom**.

Is é comhthéacs an staidéir seo ná an tréimhse taisceolaíochta a lean go hachomair ó 1400 go dtí 1750 agus ina raibh tíortha mar an Phortingéil, an Spáinn, Sasana, an Fhrainc agus an Isiltír páirteach ann.

Níltear ag smaoineamh go mbeadh mion-eolas ag na daltaí ar na haistir mhara agus na taiscéalaíochtaí ar fad a tharla. Lorgaíonn an staidéar ginearálta iniúchadh ar chomhthéacsanna an athruithe : cad ba chúis leis, céard a chabhraigh chun an bóthar a réiteach dó agus céard iad na torthaí a bhí leis.

Staidéar Speisialta

Tá staidéar speisialta ag teastáil ar thaiscéalaíocht amháin agus ní ghá gur thuras mara atá i gceist anseo ná ní éigeantach gur cheann de na turasanna is follasaí é ná is mó go ndéantar staidéar air. Ba chóir é a thabhairt faoi deara, freisin, go luann an staidéar speisialta taiscéaladh amháin seachas taiscéalaí amháin. Dá bhrí sin is é atá a lorg ná mionstaidéar ar thaiscéaladh amháin seachas beathaisnéis de thaiscéalaí. I roghnú an taiscéalta is é an t-aon chuntar is gá a chur i bhfeidhm ná an bhfuil fáil ar dhóthain mhion-eolais ina thaobh chun obair shásúil a dhéanamh den staidéar ar athrú i dtaca le cúis agus éifeacht.

Ní mór don staidéar speisialta a bheith nithiúil agus praiticiúil de bhrí go bhfuil sé beartaithe go ndéanfaidh iarrthóirí ag an ngnáthleibhéal agus ag an ardleibhéal staidéar air. Is trí mhionstaidéar praiticiúil gur féidir le hiarrthóirí ghnáthleibhéil tuiscint a fháil ar an mbarúil níos teibí d’athrú.

Nuair atáthar ag fiosrá éifeachtaí an athruithe ba chóir an dearcadh fadtréimhseach agus gearrthréimhseach a iniúchadh chomh maith leis na dearcadh a bhí ag an tascéalaí agus an tír tascéalaíochta maille leis na ciníocha agus limistéir atáthar ag tascéalú. Cé gurbh é teideal an staidéir seo ná Athruithe i ndearcadh na nEorpach ar an domhan léiríonn an teideal seo féin nárbh é sin an t-aon dearcadh amháin.

Tá úsáid agus staidéar ar léarscáileanna agus ar an chruinne lárnach i dteagasc na topaice seo. Ba chóir go mbeadh mionléarscáileanna de na turasanna aonair nó tascéaltaí san áireamh sna léarscáileanna; ina theannta sin léarscáileanna ag taispeáint eolais chomhaimseartha den domhan agus de na bealaí mara.

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Athrú Creidimh: Reifirméisean	Staidéar Ginearálta: <u>Na cúiseanna ar tharla an Reifirméisean;</u> <u>An tslí ar thug daoine difriúla faoi leasuithe a chur i gcrích;</u> Príomhiarmhairtí an Reifirméisin; Staidéar Speisialta: Beatha leasaitheora <u>amháin</u> agus an tionchar a bhí aige.	Iniúchadh ar chineálacha difriúla athruithe trí <ul style="list-style-type: none"> ▪ tuiscint ar chúis agus ar éifeacht; ▪ úsáid foinsí oiriúnacha doiciméadacha; ▪ staidéir speisialta

- * Is féidir leis na daltaí atá ag déanamh staidéir ar an siollabas seo ag an nGnáthleibhéal díriú ar an Staidéar Speisialta.
- * Beifear ag súil leis go ndéanfaidh na daltaí atá ag déanamh staidéir ar an siollabas ag an Ardleibhéal iniúchadh sa bhreis air sin, ar ghnéithe níos ginearálta de gach topaic de réir mar a cuireadh in iúl thuas i gCló Trom.

Is é atá i gcomhthéacs an staidéir seo ná na coinníollacha san Eoraip ón 17ú haois a chuir tús leis an Reifirméisean san eaglais Chríostaí san Eoraip.

Níltear ag súil leis go ndéanfar mionstaidéar ar gach leasaitheoir. Ag gabháil do staidéar ar conas a chuaigh daoine éagsúla i mbun leasuithe d'fhéadfaí feidhm a bhaint as figiúirí de leithéid Luther, Calvin, Anraoi VIII chun léiriú a thabhairt ar an réasúnaíocht a bhí taobh thiar de na leasuithe agus na modhanna a ghlac leasaitheoirí éagsúla.

Ag gabháil do staidéar a dhéanamh ar iarmhairtí an Reifirméisin is féidir déileáil leis an bhFrioth-Reifirméisean Caitlicí mar cheann de na hiarmhairtí sin. Ba chóir breathnú ar na hiarmhairtí sa bhfadtréimhse agus sa ghearrthréimhse araon agus ní ghá cloí leis an Eoraip amháin.

Cé gurbh é an creideamh príomhfhócas an staidéir seo d'fhéadfaí daltaí a chur ar an eolas freisin maidir le gnéithe sóisialta agus polaitiúla an athruithe (cúiseanna agus iarmhairtí araon).

Staidéar Speisialta

Is é atá sa Staidéar Speisialta ná iniúchadh ar leasaitheoir, agus ní beathaisnéis amháin atá i gceist. Ba chóir go mbeadh staidéar ann de chúiseanna agus d'iarmhairtí an athruithe mar a bhain siad leis an leasaitheoir sin. I roghnú duine

mar ábhar staidéir sa chás seo d'fhéadfaí pearsa ón Reifirméisean Protastúnach nó ón bhFrioth-Reifirmeisean Caitlicí a thoghadh.

Ba chóir cúram a ghlacadh i dtabhairt faoin dtopaic seo chun a chinntiú go mbaintear feidhm as samplaí praiticiúla chun roinnt téarmaí teibí agus teicniúla a mhíniú a chaithfidh a theacht i gceist i staidéar ar an Reifirméisean.

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Athruithe in Úinéireacht Talún: Plandáil in Éirinn.	Staidéar Ginearálta: <u>Na fáthanna go ndeachaigh úinéireacht na talún ó dhuine go duine.</u> <u>Na slite ina ndeachaigh úinéireacht na talún ó dhuine go duine.</u> <u>Príomhiarmhairtí, láithreacha agus fadtréimhseacha, an athraithe a tháinig ar úinéireacht na talún m.sh. ó thaobh polaitíochta, cultúir, reiligiúin.</u> Staidéar Speisialta: Plandáil amháin in Éirinn	Iniúchadh ar chineálacha difriúla athruithe trí: ▪ thuiscint ar chúis agus ar éifeacht ▪ úsáid foinsí oiriunacha doiciméadacha ▪ staidéir speisialta

- * Is féidir le daltaí atá ag déanamh staidéir ar an siollabas seo ag an nGnáthleibhéal díriú ar an Staidéar Speisialta.
- * Beifear ag súil leis go ndéanfaidh daltaí atá ag déanamh staidéir ar an siollabas ag an Ardleibhéal iniúchadh sa bhreis air sin, ar ghnéithe níos ginearálta de gach topaic, de réir mar a cuireadh in iúl thuas i gCló Trom.

Is é comhthéacs an staidéir seo ná an tréimhse d’athruithe in úinéireacht na talún in Éirinn ó lár an 16^ú hAois go deireadh an 17^ú hAois.

Staidéar Speisialta

Tá mionstaidéar ar phlandáil amháin ag teastáil. Féadfaidh sé seo a bheith ina staidéar ar an chur i bhfeidhm áitiúil de pholasaí plandála i mbaile mór, eastáit bhaile bhig nó ceantar áitiúil shonrach áit a bhfuil acmhainní ar fáil.

Sa chur chuige don staidéar tá tuiscint shimplí áirithe de na difríochtaí idir na córais Ghaelacha agus Shean-Shasanacha i dtaca le húinéireacht na talún ag teastáil.

Agus staidéar á dhéanamh ar na cúiseanna leis na plandála tá tuiscint ar pholasaí na plandála mar áis do rialú polaitiúil agus sóisialta riachtanach.

Sa chur chuige don staidéar beidh foinsí feidhmiúla le fáil i gcuntais agus learáidí, staitisticí agus léarscáileanna chomhainseartha ag léiriú tionchar geograificeach plandála ar an taobh tíre, ar bhailte, ar fhoraoiseacha, etc.

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Athrú Polaitiúil	<p>Staidéar Ginearálta</p> <p><u>Cúlra: Údair mhíshásaimh sa bhFrainc agus in Éirinn roimh an réabhlóid Gluaiseachtaí réabhlóideachta i Meiriceá, sa bhFrainc agus in Éirinn déanach san 18^ú haois agus luath san 19^ú haois. Iarmhairtí na réabhlóidí seo.</u></p> <p>Staidéar Speisialta: Beatha réabhlóidí amháin i Meiriceá, sa bhFrainc nó in Éirinn.</p>	<p>Iniúchadh ar chineálacha difriúla athruithe trí:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ tuiscint ar chúis agus ar éifeacht; ▪ úsáid foinsí oiriúnacha doiciméadacha; ▪ staidéar speisialta.

- * Is féidir leis na daltaí atá ag déanamh staidéir ar an siollabas seo ag an nGnáthleibhéal díriú ar an Staidéar Speisialta.
- * Beifear ag súil leis go ndéanfaidh na daltaí atá ag déanamh staidéir ar an siollabas ag an Ardleibhéal iniúchadh sa bhreis air sin, ar ghnéithe níos ginearálta de gach topaic, de réir mar a cuireadh in iúl thuas i gCló Trom.

Is iad Éire, an Fhrainc agus Meiriceá i ndeireadh an 18^ú haois/19^ú haois luath atá mar chomhthéacs an staidéir seo. I staidéar na dtíortha aonair bheadh Éire ó bhunú na nÉireannach Aontaithe (1791) go dtí Éirí Amach Roibeaird Emmet (1803), Meiriceá suas go dtí dréachtadh na Bunreacht (1783) agus an Fhrainc suas go dtí deireadh Ré an uafáis (1794) san áireamh anseo.

Tá sé tábhachtach a threisiú nach bhfuil ag teastáil sa staidéar ginearálta seo ach forbhreathnú de na gluaiseachtaí réabhlóideacha. Níl sé i gceist go ndéanfaí staidéar ar shonraí na ngluaiseachtaí réabhlóideacha uile. Dá bhrí sin ba chóir don staidéar fócas a dhíriú ar na snáithí comónta mhíshásaimh, mar shampla. Is féidir feidhm a bhaint as samplaí aonair de ghnéithe shonracha mhíshásaimh mar léiriú, ach níor chóir tabhairt faoi dhearcadh cuimsitheach a sholáthar de na tíortha uile.

Ní ghá staidéar a dhéanamh ar an topaic seo trí bhithin chur chuige d’insint chróineolaíoch. D’fhéadfaí feidhm a bhaint as téarmaí áirithe, ar féidir a aithint, mar chasán tríd an tréimhse. D’fhéadfadh an t-éileamh ar chomhionannas nó an t-éileamh ar rialtas ionadaíochta a bheith ar a leitheid de théarmaí sin agus freagraí rialtas d’éilimh dá leithéid.

Tá iarmhairtí gearrthréimhseacha, láithreacha, sainiúla agus iarmhairtí fadtréimhseacha níos leithne i gceist nuair atáthar ag iniúchadh na n-iarmhairtí. Níl sé riachtanach mionstaidéar de na hiarmhairtí aonair i ngach tír a dhéanamh, ach is féidir déileáil leo sin sa chomhthéacs ginearálta d’fhorbairtí i gCeartha an Duine, i bhFás an Daonfhlathais agus

i bhFás na Náisiúntachta. Ní choisceann teorainneacha na ndátaí fiosrú a dhéanamh ar na torthaí ginearálta.

Staidéar Speisialta

Is é atá sa staidéar speisialta ná fiosrú ar réabhlóidí amháin i Meiriceá, sa bhFrainc nó in Éirinn. San áireamh ann ba chóir go mbeadh staidéar ar na hathruithe a loirg agus/nó a chuir an réabhlóidí i gcrích.

Agus an topaic seo á cur i láthair/á teagasc, is foinse ábhair an-saibhir ar leith, ábhar léirithe cosúil le cartúin agus portráidí mar gheall ar an tréimhse seo.

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Athrú Sóisialta:	<p>Staidéar Ginearálta:</p> <p><u>Cúlra: An tSochaí Talmhaíochta san 18^ú hAois;</u> <u>Sonraí a réitigh an tslí don réabhlóid Talmhaíochta agus don réabhlóid Tionsclaíochta;</u> <u>Éifeachtaí na n-athruithe i dtionsclaíocht agus i dtalmhaíocht ar shaol na ndaoine (m.sh. coinníollacha maireachtála agus oibre, imirce, eisimirce, etc.</u></p> <p>Staidéar Speisialta: Modhanna beatha comparáideacha c. 1850;</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Ceantair Thionsclaíochta Shasana ▪ Ceantair Thuaithe na hÉireann 	<p>Iniúchadh ar chineálacha difriúla athruithe trí:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ thuiscint ar chúis agus ar éifeacht; ▪ úsáid foinsí oiriúnacha doiciméadacha; ▪ staidéar speisialta.

* Is féidir leis na daltaí atá ag déanamh staidéir ar an siollabas ag an nGnáthleibhéal díriú ar an Staidéar Speisialta.

* Beifear ag súil leis go ndéanfaidh na daltaí atá ag déanamh staidéir ar an siollabas ag an Ardleibhéal iniúchadh sa bhreis air sin, ar ghnéithe níos ginearálta de gach topaic, de réir mar a cuireadh in iúl thuas i gCló Trom.

Is é atá san Athrú Sóisialta sa staidéar seo ná an tionchar a bhí ag na réabhlóidí talmhaíochta agus tionsclaíochta ar an tsochaí idir timpeall 1700 agus 1850. Is é atá i Staidéar Ginearálta ná cúlhrat ar féidir athrú a thaispeáint ina choinne. Tá an fócas ar athrú, dá bhrí sin níor chóir go mba cuid mhór den staidéar an cúlra.

Beidh sé riachtanach roinnt samplaí de na hathruithe tábhachtacha teicneolaíochta a réitigh an bóthar don athrú a thuiscint ach tá an bhéim sa staidéar seo ar an tionchar ar shaol na ndaoine. A leithéid de thopaicí mar obair, tithíocht, bia, éadaí, oideachas, sláinte agus gníomhaíochtaí scíste.

Staidéar Speisialta

Agus an staidéar speisialta á theagasc ba chóir cúram a ghlacadh chun buanchruthú ró-shimplithe a sheacaint. Ba chóir imeachtaí éagsúla, leibhéil agus grúpaí éagsúla sa tsochaí a iniúchadh mar shampla an Gorta, tiarnaí talún, feirmeoirí tionántacha agus coiteoirí, úinéirí monarchan agus mianaigh, oibrítheoirí monarchan agus mianaigh, etc.

Tá raidhse de léiriúcháin chomhaimseartha agus d'ábhar doiciméadach ar a bhfuil cuntais ar thurais, coimisiúin rialtais agus fiosruithe eile ar fáil don tréimhse seo. D'fhéadfadh an topaic deiseanna a sholáthar freisin le haghaidh saothair chomhoibritheach le hábhair eile, mar Ealaín, Ceird, Dearadh, Staidéir Ghnó, Eolaíocht, Graificí Teicniúla, Teicneolaíocht Ábhair (Admad); Miotalóireacht agus Teicneolaíocht.

Rannóg III: An Saol Nua-aimseartha a Thuiscint

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Imeachtaí Polaitíochta in Éirinn go déanach sa 19 ^ú haois agus sa 20 ^ú hAois.	Forbhreathnú ar na príomh-imeachtaí polaitíochta a chuaigh i bhfeidhm ar shaol na linne seo in Éirinn.	Forbhreathnú cróineolaíoch
Athrú Sóisialta in Eirinn sa 20 ^ú hAois.	<ul style="list-style-type: none"> • Athruithe ar stíleanna maireachtála in Éirinn ó c.1900 amach (staidéar ar athruithe sa cheantar áitiúil <u>nó</u> staidéar náisiúnta. • Athruithe ar stíleanna maireachtála i sochaithe atá éagsúil le chéile (S.A.M. <u>nó</u> A.P.S.S.) 	Anailís a dhéanamh ar athruithe sóisialta i gcomhthéacsanna difriúla.
Caidrimh Idirnáisiúnta sa 20 ^ú hAois.	<p>*1920-1945:</p> <p>A. Síocháin agus cogadh san Eoraip.</p> <p>*1945 – inniu:</p> <p>B. Teacht chun cinn na Sárchumhachtaí <u>Nó</u></p> <p>C. Iarrachtaí chun an Eoraip a aontú <u>Nó</u></p> <p>D. Náisiúnachas san Afraic agus san Áise.</p>	Staidéir ar údair choinbhleachtaí agus ar staitéisí chun iad a réiteach.

Déanann na treoirlínte ar na leathanaigh seo a leanas an t-ábhar i Rannóg III a shainmhíniú.

Daltaí atá ag déanamh staidéir ar an siollabas seo ag an nGnáthleibhéal déanfaidh siad staidéar ar dhá cheann de na topaicí mar seo a leanas:

cé acu

Imeachtaí polaitíochta in Éirinn

agus

Caidrimh idirnáisiúnta sa 20ú haois

nó

Athrú sóisialta sa 20 haois

agus

Caidrimh idirnáisiúnta sa 20ú haois.

Ní ghá dóibh staidéar a dhéanamh ach ar cheann amháin de A nó B nó C nó D i gCaidrimh Idirnáisiúnta.

Daltaí atá ag gabháil don siollabas seo ag an Ardleibhéal déanfaidh siad staidéar ar na trí cinn go léir de na topaicí – i.e.

Imeachtaí polaitíochta in Éirinn

agus

Athrú sóisialta sa 20ú haois

agus

Caidrimh idirnáisiúnta sa 20ú haois.

I gCaidrimh Idirnáisiúnta is gá dóibh staidéar a dhéanamh ar A agus ar cheann amháin de B nó C nó D.

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Imeachtaí polaitíochta in Éirinn go déanach sa 19ú haois agus san 20ú haois.	Forbhreathnú ar na príomhimeachtaí polaitíochta a chuaigh i bhfeidhm ar shaol na linne seo in Éirinn.	Forbhreathnú cróineolaíoch.

Tuairisc

Na príomhimeachtaí polaitíochta in Éirinn, 1900 go dtí 1985.

Mar thoradh ar staidéar a dhéanamh ar an topaic seo ba chóir go mbeadh tuiscint agus eolas ag na daltaí ar

- * na haidhmeanna agus na modhanna de na príomhghrúpaí polaitíochta Éireannacha (náisiúnaí agus aontachtaí) agus de dhaoine aonair ag casadh an 20ú haois.
- * na himeachtaí agus na gluaiseachtaí den tréimhse 1912-1922 ag druidim suas le bunú an dá aonad polaitíochta thuaidh agus theas.
- * na príomhfhorbairtí in, agus na contrárachtaí idir, an dá aonad polaitíochta ó 1922 go dtí 1985.

Cur Chuige

Tá sé tábhachtach go mbeadh imlíne foriomlán mar aidhm ag an staidéar ar an topaic seo agus nach sraith de mhionstaidéir a bheadh ann. Chun an cuspóir seo a chur i gcrích d'fhéadfaí ceann amháin ar bith de líon mór chur chuige féideartha ar leith a ghlacadh.

1. Bunaithe ar Fhoinsí

D'fhéadfadh modheolaíocht bunaithe ar fhoinsí, ag baint feidhme as griangraif, postaeirí, sleachta as nuachtáin, craoltaí ráidíó, scannáin, míreanna nuachta teilifíse a bheith ina bealach fheidhmiúil mar chur chuige don dtopaic seo.

2. **Dátaí Fócais**

B'fhéidir go mbeadh sé cabhraitheach cairt ama nó líne ama a fhorbairt mar thionscadal ranga : d'fhéadfadh staidéar sa seomra ranga díriú ansin ar an imoibriú idir dhaoine agus imeachtaí agus gluaiseachtaí ag sraith dhátaí ar fud an líne ama seo. D'fhéadfaidís sin a bheith pé acu ina ndátaí neodracha (i.e. gan a bheith tábhachtach) (m.sh. 1900, 1920, 1945, 1960, 1975, 1985) nó ina ndátaí eochracha (m.sh. 1913/14, 1919/20, 1938/38, 1968/69).

3. **Daoine mór le rá/Idéanna**

Cur chuige a d'fhéadfadh a bheith an-úsáideach ag an nGnáthleibhéal is ea ceann a dhíríonn ar na príomhdhaoine mór le rá agus a n-idéanna (m.sh. Mac Réamoinn, Craig, Carson, Larkin, Mac Piarais, Ó Coileáin, Mac Cosghartha, De Bhaléra, Lemass agus Ó Néill). Sa chur chuige seo d'fhéadfaí feidhm a bhaint as agallaimh, rólghlacadh agus díospóireachtaí, chun tuairimí difriúla a chur i láthair.

4. **Príomh-Imeachtaí**

D'fhéadfaí cur chuige díreach, cróineolaíoch, scéaltach a ghlacadh trí phríomh-imeachtaí na treimhse a athbhreithniú.

5. **Coincheapa**

B'fhéidir go mb'fhearr le múinteoirí áirithe cur chuig an staidéar le treise ar a leithéid de choincheapa cosúil le Rialtas Dúchais agus Poblachtánachas, Náisiúnachas agus Aontachas, Sóisialachas agus Gluaiseacht Lucht Oibre, cosantachas agus saorthráchtáil, neodracht agus alíniú, etc.

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Athrú sóisialta sa 20ú haois	Athruithe ar stíleanna maireachtála in Éirinn ó c.1900 (staidéar ar athruithe sa cheantar áitiúil <u>nó</u> staidéar náisiúnta). Athruithe ar stíleanna maireachtála i sochaithe atá éagsúil lena chéile (S.A.M. <u>nó</u> A.P.S.S.	Anailís ar athrú sóisialta i gcomhtéacsanna éagsúla.

Tuairisc

Athruithe ar stíleanna maireachtála in Éirinn ó c.1900 faoi gach ceann de na cinnteidil seo a leanas:

- * ról na mban
- * obair agus scíste
- * saol cathrach agus saol tuaithe
- * iompar agus meáin chumarsáide

(staidéar ar athruithe sa cheantar áitiúil nó staidéar náisiúnta).

Cur Chuige

Is féidir cur chuig an topaic a dhéanamh mar staidéar ar athruithe sa cheantar áitiúil, nó mar staidéar náisiúnta ginearálta. Oireann sé seo chun ligint do dhaltaí a bheith páirteach go gníomhach in obair thionscadail, i stair ó bhéal a thiomsú agus chun staidéar a dhéanamh ar stair teaghlaigh an dalta féin le linn na tréimhse. Tá saibhreas sonrach de thairnead griangrafach don tír agus don topaic seo : moltar feidhm a bhaint as griangraif mar fhoinsí stairiúla.

Níl na ceithre cheannteideal discrídéach ar fad : féadfar staidéar a dhéanamh orthu ar bhealach a aithníonn forluí chinn amháin go dtí an ceann eile. Tá uimhir de théarmaí freisin a ghearrann trasna na gceannteideal agus sa bhealach sin nascann siad na gnéithe difriúla sin d'athrú sóisialta. Mar shampla d'fhéadfadh 'Athru Teicneolaíochta' a bheith mar cheann de na téarmaí seo a raibh tionchar aige ar ról athruitheach na mban sa sochaí agus a raibh breis tionchair fós fiú amháin aige in athruithe a chur i gcrích in obair agus i

scíste, in iompar agus i meáin chumarsáide agus go deimhin i saol uirbeach agus tuathúil. Téama eile is ea ‘Nua-aoisiú’ a d’fhéadfadh cabhrú le daltaí tuiscint a fháil ar an mbealach ina bhfuil an sochaí Éireannach athraithe san aois seo trí theagmháil, atá ag dul i méid, le tíortha eile, de bharr iompair fheabhsáithe agus go háirithe de bharr chumarsáidí feabhsaithe.

Topaic	Tuairisc	Cur Chuige
Caidrimh idirnáisiúnta sa 20 ^ú haois	1920-1945 Síocháin agus cogadh san Eoraip. 1945-inniu Teacht chun cinn na Sárchumhachtaí. <u>nó</u> Iarrachtaí chun an Eoraip a aontú. <u>nó</u> Náisiúnachas san Afraic agus san Áise.	Staidéir ar údair choinbhleachtaí agus ar staitéisí chun iad a réiteach.

Tuairisc

A: 1920-1945 Síocháin agus Cogadh san Eoraip: ba chóir staidéar a dhéanamh air faoi gach ceann de na cinnteidil seo a leanas:

- Teacht chun cinn an Fhaisteachais san Iodáil agus sa Ghearmáin 1920-1933
- An Sheamhnú chun Cogaidh san Eoraip 1933-1939
- An Dara Cogadh Domhanda (san Eoraip) 1939-1945.

Cur Chuige

Is staidéar i gCaidrimh Idirnáisiúnta atá sa topaic seo. Dá bhrí sin níl sé riachtanach grinnstaidéir sonraithe a dhéanamh ar stair inmhéanach na dtíortha atá i gceist.

B: Teacht chun cinn na Sárchumhachtaí

Sa staidéar seo tá an fócas ar choinbhleacht idir na Sárchumhachtaí. De bharr tabhairt faoin staidéar seo ba chóir go mbeadh eolas agus tuiscint ag na daltaí ar:

- Imshuí Bherlin
- An Cogadh i Korea
- An Ghéirchéim i gCúba

Cur Chuige

Ba chóir go mbeadh san áireamh sa staidéar seo an cúlra leis na teannais agus na difríochtaí idé-eolaíochtacha idir na sárchumhachta, an bealach ina raibh tionchar ag na coinbhleachtaí ar thíortha eile agus gafacht thíortha agus eagraíochtaí éagsúla in iarrachtaí chun na coinbhleachtaí a réiteach.

C: Iarrachtaí chun an Eoraip a aontú

De bharr tabhairt faoin staidéar seo a dhéanamh ba chóir go mbeadh eolas agus tuiscint ag na daltaí ar:

- Conradh na Róimhe
- Fás an Aontais Eorpaigh
- Conradh Maastricht

Cur Chuige

Ba chóir an cúlra eacnamaíoch agus polaitiúil a chur san áireamh i dtaca leis an mian d'aontas Eorpach agus an méid go bhfuil cuspóirí an Aontais Eorpaigh curtha i gcrích.

D: Náisiúnachas san Afraic agus san Áise

Iarrtar ar na daltaí anseo mionstaidéar a dhéanamh ar thír Afraiceach nó Áiseach amháin tar éis 1945 a d'éirigh léi ó bheith ina cóilín san am atá thart chun a bheith ina stát neamhspleách. Ar na míreanna comónta i staidéar ar bith bheadh eolas agus tuiscint ar:

- An Cúlra Cóilíneach
- An Ghluaiseacht chun Neamhspleáchais (den tír a roghnaíodh)
- An tEispéireas Iarchóilíneach.

